

Easpa dídine

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi easpa dídine in iarthar na tíre. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, féach ar na focail seo thíos leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

- ✓ carthanacht
- ✓ ag dul i méid
- ✓ níos déine
- ✓ cóiríocht éigeandála
- ✓ daoine gan dídean
- ✓ go fíorúil
- ✓ i bhfianaise
- ✓ tionchar
- ✓ teacht isteach
- ✓ ag impí ar
- ✓ ordú díshealbhaithe



Ceist 2

Féach ar an tuairisc anois agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí: 427; 282; 145; 254; 23; 5; idir 15 agus 20; 105,000?
2. Cad a bhí le rá ag Karen Golden agus Colette Coughlan?

Ceist 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaí go bhfuil sibh ag eagrú 'Codladh Amuigh' fíorúil sa rang. Cruthaí leathanach gréasáin chun an imeacht a mhíniú agus chun daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh ann. Bíodh na nithe seo a leanas mar chuid den leathanach:

- dáta
- codladh amuigh – faoin spéir, i bpuball, ar an urlár
- dúshlán, airgead a bhailiú
- daoine a chur ar an eolas faoi easpa dídine
- bá a chothú sa phobal

Ceist 4 Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach uatha sa mhír. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den alt sna bearnaí.

- in iarthar (Éire)

- Cathair (Gaillimh)

- codladh amuigh bliantúil (an charthanacht)

- príomhfheidhmeannach (an eagraíocht)

Ceist 5 ‘...mí Aibreáin...’

1. Scríobh amach na míonna i gceart i nGaeilge. Mar shampla:
Eanáir
2. Cuir an focal ‘mí’ roimh gach mí. Mar shampla:
Mí Eanáir
3. Anois, labhair leis an duine in aice leat agus abair leo rud amháin a dhéanann tú go rialta gach mí. Mar shampla:
Téim go dtí an linn snámha ar a laghad dhá uair in aghaidh na seachtaine i mí Eanáir.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a mbíonn daoine gan dídean in Éirinn, dar leat?
2. An ndearna tú féin aon ní chun airgead a chruinniú ar mhaithe le carthanacht?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- ✓ carthanacht – *charity*
- ✓ ag dul i méid – *growing*
- ✓ níos déine – *more severe/stricter/more difficult*
- ✓ cóiríocht éigeandála – *emergency accommodation*
- ✓ daoine gan dídean – *homeless people*
- ✓ go fíorúil – *virtually*
- ✓ i bhfianaise – *in light of*
- ✓ tionchar – *influence*
- ✓ teacht isteach – *income*
- ✓ ag impí ar – *imploring*
- ✓ ordú díshealbhaithe – *eviction order*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Tabhair go leor ama do gach beirt an tasc seo a dhéanamh. Caithfidh siad plé a dhéanamh ar dtús ar an eolas a bheidh ar a leathanach gréasáin agus ansin caithfidh siad an t-eolas a scríobh amach. Cuir obair gach beirte i gcodarsnacht le chéile.

Ceist 4

in iarthar na hÉireann

Cathair na Gaillimhe

codladh amuigh bliantúil na carthanachta

príomhfheidhmeannach na heagraíochta

Ceist 5

1 & 2

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Cleachtadh cainte atá i gceist 3.

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Emer Ní Chonghaile

Tá imní mhór ar an gcarthanacht *Simon* i nGaillimh go bhfágfar i bhfad níos mó daoine gan dídean má chuirtear daoine as a bpost de bharr srianta níos déine a chur i bhfeidhm. In ainneoin gur bhailigh *Simon* níos mó airgid ón bhfeachtas *Codladh Amuigh* i mbliana ná aon bhliain eile, tá an brú ar a gcuid seirbhísí ag dul i méid.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhí 427 duine ar fad, 282 duine fásta agus 145 leanbh i gcóiríocht éigeandála in iarthar na hÉireann i mí Lúnasa.

Is i gContae agus anseo i gcathair na Gaillimhe a bhí 254 de na daoine fásta sin, bhí 23 i gcontae Mhaigh Eo agus cúigear i Ros Comáin. Ach níl daoine gan dídean a bhíonn ag codladh amuigh san áireamh sna figiúirí seo.

Deir Pobal Shíomóin na Gaillimhe gur faoi láthair go bhfuil idir 15 agus 20 duine ag codladh amuigh sa chathair. Reáchtáladh codladh amuigh bliantúil na carthanachta go fíorúil ag an deireadh seachtaine i bhfianaise Covid-19 agus bailíodh níos mó airgid i mbliana ná mar a bailíodh riamh, breis is €105,000 go dtí seo. Ach deir príomhfheidhmeannach na heagraíochta go bhfuil siad go mór faoi bhrú i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil agus tá imní mhór orthu faoin tionchar a bheadh ag srianta leibhéal 5 ar chúrsaí.

Karen Golden, Príomhfheidhmeannach, Pobal Shíomóin na Gaillimhe

Tá níos mó daoine ag teacht chugainn cheana féin i mbliana ná riamh roimhe seo. Má théann muid go dtí leibhéal 3, leibhéal 4, leibhéal 5, is dócha go gcaillfidh níos mó daoine a gcuid post agus go mbeidh níos mó daoine gan dóthain teacht isteach chun a gcuid cíosa a íoc agus go mbeidh arís, go mbeidh siad ag breathnú ar dhul isteach i lóistín éigeandála - tá an-imní orm faoi sin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Deir eagraíochtaí eile ar nós COPE Galway go mbeidh an scéal amhlaidh acu féin.

Colette Coughlan, COPE Galway

Bhuaile muid le go leor daoine i Mí an Mhárta¹ agus mí Aibreáin a chaill a bpoist mar gheall ar Covid-19. Tá imní orainn anois go mbeadh muid ag bualadh leis na daoine céanna arís agus go leor daoine breise agus tá muid ag impí ar an rialtas cosc a chur ar an ordú díshealbhaithe láithreach.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, Cathair na Gaillimhe.

¹ *Mí Márta* a dúradh